Rás balúin roicéid

Coincheap—Úsáideann aon ní a bhogann fuinneamh/breosla



NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam – Aonad Fuinneamh agus Fórsaí

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- 2 phíosa fhada sreangáin (e.g. faid an tseomra ranga)
- 2 shop dhíreacha
- Téip ghreamaitheach
- 2 ghnáthbhalún chruinne



1. Beir ar cheann amháin den dá shreangán agus sín go teann é trasna an tseomra.
2. Séid suas na balúin ach ná ceangail iad.
3. Greamaigh na balúin faoi na soip le téip.
4. Cuir na sreangáin tríd na soip:
   bíodh an dá bhalún ag tosú ón taobh céanna agus an soc ag díriú an treo céanna.
5. Ullamh ... ar do mharc ... agus scaoil do bhalún ...

D'fhéadfá rás balúin a bheith agat ach an rang a roinnt i bhfoirne agus cúpla sreang a chur i bhfearas. Comhairigh síos, ar aghaidh leis na balúin agus féach cén fhoireann ar leis an balún a bhuann. Déanann an t-aer ag brúchtadh amach as an soc i dtreo amháin an balún a shá sa treo eile. Is é scaoileadh an aeir breosla an roicéid.

Triail balún amháin a leath-líonadh agus líon an ceann eile agus féach cad a tharlaíonn. Ní bhfaigheann tú as ach an fuinneamh a chuir tú isteach ann. Sáitear roicéad spáis in airde nuair a bhrúitear gáis theo, á scaoileadh ón mbreosla agus é ag dó, óna bhun.

Nóta: Féach 'Conas cláirín soghluaiste balúin a thógáil' i roinn 'Dearadh agus Déanamh' ar an suíomh gréasáin.